



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

CUMASÚ

Cumasú trí fhoghlaim

Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019

Tuarascáil Dul Chun Cinn Ráithe 2

Ullmhaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
www.education.ie

Réamhrá

Sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 déantar na tosaíochtaí don Roinn Oideachais agus Scileanna agus a gníomhaireachtaí agus a comhlachtaí tacaíochta a leagan amach don bhliain. Tá an plean bliantúil seo tiománaithe ag na spriocanna agus na mianta mar atá in ár Ráitéis Straitéise 2019-2021.

I mí Márta na bliana seo d'fhoilsíomar ár bPlean Gníomhaíochta do 2019. Déantar cur síos ann ar os cionn 200 gníomhaíocht atá saindhírthe ar ár spriocanna a bhaint amach:

1. Cruth a chur ar chóras oideachais agus oiliúna freagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora
2. Dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chun cinn d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach.
3. Na scileanna agus an tacaíocht riachtanach a thabhairt do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d'ardchaighdeáin a chur ar fáil.
4. Na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an sochaí agus an geilleagar a threisiú.
5. Treoir a thabhairt do sheachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus oiliúint.

Díríonn an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 aird ar an gclár athchóirithe straitéiseach atá ar bun san oideachas agus oiliúint. Tugann sé aitheantas do thábhacht na bhfeidhmeanna gnó ríthábhachtacha chun leanúnachas gnó agus seirbhísí ardcháilíochta a dheimhniú. Cuireann foilsíú phlean bliantúil laistigh de chreat straitéiseach níos leithne ar ár gcumas freagairt go haclaí do na héilimh a bhaineann leis an timpeallacht dhúshlánach agus chasta ina bhfuilimid ag feidhmiú ach fócas straitéiseach a choinneáil ag an am céanna ar athchóiriú inbhuanaithe.

Chun próiseas eolasach agus trédhearcach a dheimhniú, déanfar ár ndul chun cinn a mhonatóireacht trí thuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú. Seo í an dara tuarascáil dá leithéid do 2019. Léirítear an dul chun cinn atá déanta ar na gníomhaíochtaí agus na foghníomhaíochtaí atá le soláthar i ráithe 2 de 2019. Mar aon le sonraí a sholáthar ar na gnóthachtálacha le linn na tréimhse seo, tugann an tuarascáil uasdátú freisin ar ghníomhaíochtaí ina bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, ach ina raibh gá an spriocdháta a choigeartú.

Foramharc

Gníomhaíochtaí atá le soláthar faoi dheireadh ráithe 2, 2019

Bhí 51 gníomhaíochtaí agus foghníomhaíochtaí i bPlean Gníomhaíochta 2019 a bhí le baint amach faoi dheireadh ráithe 2, 2019. Astu sin, baineadh amach 38 acu, ionann agus ráta comhlánaithe 75%.

Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí a baineadh amach sa dara ráithe den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019:

- Iniúchadh a dhéanamh ar stair agus cultúr an Lucht Siúil sa churaclam
- Plean oibre a fhorbairt mar chuid de fhreagairt chomhordaithe chun an líon ban atá páirteach i STEM a mhéadú, lena n-áirítear foghrúpa do mhná i STEM a bhunú
- Páipéar scópála a chur i gcrích maidir le forfheidhmiú Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha i nGaeilge agus i dTeangacha lasachta agus grúpa oibre a bhunú chun forbairt tionscadal píolótacha a phleanáil
- Tráinse 3 den Chiste Sármhaitheasa Scoile do scoileanna DEIS a sheoladh
- Scoileanna a chur ar an eolas roimh dheireadh na scoilbhliana, tríd an NCSE, faoin leithdháileadh Cúntóir Riachtanais Speisialta (SNA) dóibh

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla chun Múinteoirí Oideachas Speisialta a leithdháileadh ar scoileanna trína chinntiú go bhfuil sonraí ar fáil agus go bhfuil rannpháirtíocht leis an earnáil chun próifíl scoile a nuashonrú ionas gur féidir leithdháiltí nua a dhéanamh do scoilbhliain 2019/20
- Tús a chur le measúnú tionscnamh áirithe arna maoiniú faoi chlár PATH
- Tús a chur le hathbhreithniú ar an Scéim Tacaíochta Píolótach 2018 dóibh siúd sa Chóras Cosanta
- Fóram Náisiúnta a reáchtáil le dul i dteagmháil le geallsealbhóirí maidir le saincheisteanna an tsoláthair agus an éilimh mhúinteora
- Tús a chur le hathbhreithniú ar an Scéim Aisíocaíochta Táille Múinteora, tar éis phróiseas tairisceana
- An tAthbhreithniú ar an gclár Ógtheagmhála a fhoilsiú
- Cabhrófar le forbairt ollscoile theicniúla trí Líonra Taighde OT a bhunú
- Dearfar próiseas struchtúrtha chun ionchur ó fhóistoirí a fháil ar phríomhchinntí caiteachais a bhaineann leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna
- Cuirfear ciste chun Ceannaireacht agus Cumas a Chruthú in Institiúidí Ard-Oideachas chun feidhme
- Cuirfear ciste nua don taighde agus don nuálaíocht i gcomhair Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna Teicneolaíochta chun feidhme
- Cuirfear tús leis an tSeirbhís Párolla Roinnte do BOO
- Forbrófar Réamh-Mheastacháin Réigiúnacha ar chlárú Bunscoile agus Iar-bhunscoile

Áirítear i measc na bpríomhfhorbairtí eile a tharla le linn ráithe 2:

- Fógraíodh píolót trí bliana chun tacú le foghlaim na Gaeilge trí chorpoideachas agus ábhair eile. Ag baint úsáide as an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) mar chur chuige, déanfar é a fhorbairt i ndá thréimhse: oscailte do 22 scoileanna tosaitheora agus suíomhanna luathbhlianta ó Mheán Fómhair 2019, agus an líon ag méadú de réir mar a ghluaiseann an tionscnamh chun cinn.
- Foilsíodh Plean Gníomhaíochta 2019 don Straitéis Dhigiteach ar láithreán digiteach na Roinne
- I dtosaíocht nua chun cinnteacht bhreise a sholáthar do bhunscoileanna a bhfuil ganntanas foirne ag cur as dóibh, fógraíodh sé phainéal do mhúinteoirí ionadaíochta do scoileanna i gceantair uirbeacha agus tuaithe. Táthar ag díriú ar suas le 90 scoil sa scéim píolótach, chun an brú ar an soláthar ar fholúntais ionadaíochta a éascú.
- Mar chuid den obair leanúnach chun caighdeán agus gairmiúlacht a fheabhsú in earnáil na luathfhoghlama agus cúraim, seoladh Critéir agus Treoirínte ar bhronnadh Gairmiúil do Chláir Céime Oideachas Tosaigh Múinteoirí san earnáil.
- Léiríonn foilsiú athbhreithniú ar oideachas múinteoirí, “*Struchtúr an tSoláthair Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí in Éirinn: Athbhreithniú ar an Dul Chun Cinn ar Athchóiriú a Fheidmiú*”, rannpháirtíocht chuiditheach ag na lárionaid d’oideachas múinteoirí leis an Údarás um Ardoideachais ar an gclár um athrú sa réimse seo a chur chun cinn.
- Fógraíodh go bhfuil nach mór 800 post nua do chúntóirí riachtanais speisialta oideachais á ndáileadh ar scoileanna i mí Mheán Fómhair, ionas go mbeidh móriomlán na gCRS a bheidh ag tacú agus ag obair le leanaí i scoileanna ag thart ar 15,850 – leibhéal infheistíochta nár tharla cheana. Ciallaíonn sé seo go dtacófar le CRS do thart ar 37,500 dalta a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu sa bhliain scoile seo chugainn.
- Thosaigh soláthairtí nua a cheadaigh do mhic léinn Ardteistiméireachta a gcuireann méala garchlainne as dóibh i rith scrúdú stáit mhí an Mheithimh páipéir mhalartacha a dhéanamh i mí Iúil.
- D’oscail Scéim Deontas na Mac Léinn 2019/20 d’iarratais, le roinnt feabhsuithe tarlaithe a rachaidh chun sochair roinnt de na mic léinn is mó míbhuntáiste. Tá dhá neamhaird ioncaim breise ann anois mar aon le méadú i dtairseach an ioncaim ináirithe do ráta speisialta an deontais cothabhála. Chun cinnteacht iar-Bhrexite a sholáthar, fanann an incháilitheacht mar atá do mhic léinn atá ag staidéar in institiúidí na Breatainne.
- Fógraíodh go leanfaidh scéim deontais tacaíochta do 2019/20, an Scéim Tacaíochta Píolótach do Mhí Léinn, do lucht iarrtha tearmainn atá in oideachas tríú leibhéal. Osclaíodh an scéim do 2019/20 i mí an Mheithimh

ionas gur féidir le hiarratasóirí ionchasacha incháilithe iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí agus iad a chur isteach in am do thús na bliana acadúla.

- Síníodh an Bille um Thionónachtaí Cónaithe (Leas) 2018, agus deimhneoidh sé sin go mbeidh sainchóiríocht do mhic léinn atá ar cíos faoi cheadúnas áirithe mar chuid de na Criosanna Brú Cíos.
- Seoladh sraith nua cúrsaí faoi Springboard+ 2019. Chiailaigh sé sin gur ardaíodh líon na gcúrsaí go 285 agus líon na n-áiteanna atá ar fáil ón mbliain acadúil seo go os cionn 9,000.
- Fógraíodh cistiú caipitil os cionn €7.5 milliún do naoi nInstitiúidí Teicneolaíochta agus d'Ollscoil Theicniúlaíochta (OT) Bhaile Átha Cliath. Tá an cistiú seo mar chuid de thiomantas an Rialtais, faoi Thionscadal Éireann 2040, chun infheistiú a mhéadú san ardoideachas agus sa bhreiseoideachas agus oiliúint agus chun cur leis an trealamh atá ar fáil do phrintísigh cheirde a nuachóiriú.
- Tá tús curtha le clár feabhsúcháin do 22 scoil a thóg Western Building Systems. Tá clártráthú na n-oibreacha agus socruithe do chonraitheoirí le bheith ar an láthair curtha i dtreo lena dheimhniú gur féidir le gach scoil oscailt mar is gnáth ag deireadh laethanta saoire an tsamhraidh.
- Foilsíodh an chéad sraith de Thuairiscí Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí. Sa tsamhail chigireachta seo déantar cigireachtaí fócasaithe agus doimhin a bhreathnaíonn ar an tslí ina bhfuil boird agus foirne scoileanna ag comhlíonadh a ndualgas reachtúla maidir le cosaint agus cumhdach leanaí mar a éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017.
- Fógraíodh an 41 eagraíochtaí a mbeidh buntáiste le fáil acu ón €100,000 do Scéim Sparántachta Oideachas Ceoil Neamh-Príomhshrutha. Cruthaíonn an Scéim bealach inar féidir, le deontais bheaga airgid, tacú le hoideachas ceoil agus le tosaíochtaí ceoil chun leanúint ag saothrú talann cheoltóirí óga.

Spríoc 1: Cruth a chur ar chóras oideachais agus oiliúna freagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora.

Gníomhaíocht/Foghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí/Foghníomhaíochta do Ráithe 2	Baineadh amach/Níor baineadh amach	Nóta
3		Tacú le leas agus folláine mic léinn ardoideachais	
	3.2	Tacú leis an roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais áitiúil ar fhorfheidhmiú reachtaíochta ina foráiltear beartas intuarthacht cíosa i gcóiríocht saintógtha do mhic léinn	Baineadh amach
4		Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gCuraclam Bunscoile	
	4.1	Tuarascáil a fhoilsiú maidir le códú agus smaointeoireacht ríomhaireacht sa churaclam bunscoile	Baineadh amach
5		An Creat don tSraith Shóisearach a Fhorfheidhmiú	
	5.1	Athbhreithniú a fhoilsiú maidir leis an Stair a bheith roghnach faoin gCreat don tSraith Shóisearach nua	Baineadh amach
	5.2	Meas a dhéanamh ar scóip scrúdú fadama maidir le tionchar na n-athruithe arna ndéanamh mar thoradh ar Chreat don tSraith Shóisearach nua a thabhairt isteach	Baineadh amach
6		Athbhreithniú a dhéanamh ar an tSraith Shinsearach agus forbairt agus forfheidhmiú sonraíochtaí ábhair na hArdeistiméireachta a chur chun cinn	

	6.1	Tuarascáil chomhairleach ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach a chríochnú	Baineadh amach	
	6.2	Cuir tús le hathbhreithnithe ar dhréachtshonraíochtaí ábhair na hArdteistiméireachta don Bhitheolaíocht, Ceimic agus Fisic, a chríochnú, lena n-áirítear comhpháirt nua de mheasúnú obair chúrsa	Baineadh amach	
7		Gníomhartha a thrasnaíonn réimsí curaclaim a chur chun cinn		
	7.1	Tuarascáil a chur i gcrích maidir le hathbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta sa churaclam	Baineadh amach	
	7.2	Iniúchadh a dhéanamh ar stair agus cultúr an Lucht Siúil sa churaclam	Baineadh amach	
9		Forfheidhmiú “Ráiteas Beartais Oideachais STEM 2017-2026” agus an Plean Forfheidhmithe 2017-2019 a chur ar aghaidh		
	9.1	Plean oibre a fhorbairt mar chuid de fhreagairt chomhordaithe chun an líon ban atá páirteach i STEM a mhéadú, lena n-áirítear foghrúpa do mhná i STEM a bhunú	Baineadh amach	
	9.2	Plean oibre a fhorbairt i ndáil le hoideachas Ealaíon a chomhtháthú i ngach taithí foghlama STEM	Baineadh amach	
11		Forfheidhmiú Chaibidil Oideachais i Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030 arna leagan amach i bPlean Gníomhaíochta 5 bliana don Ghaeilge 2018-2022 a chur ar aghaidh		
	11.1	Páipéar scópála a chur i gcrích maidir le forfheidhmiú Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha i nGaeilge agus i dTeangacha Iasachta agus grúpa oibre a bhunú chun forbairt tionscadal píolótacha a phleanáil	Baineadh amach	

Spríoc 2: Dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur ar aghaidh d’fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach.

Gníomhaíocht/Foghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí/Foghníomhaíochta do Ráithe 2	Baineadh amach/Níor baineadh amach	Nóta
16	Plean DEIS a fhorfheidhmiú d’fhonn an bearna i bhfeidhmíocht idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach bhfuil in DEIS a dhúnadh, rátaí coinneála daltaí DEIS a mhéadú, agus rátaí dul chun cinn i measc		

		daltaí DEIS chuig Ard-oideachas agus Breisoideachas agus Breisoiliúint a mhéadú		
	16.1	Tuilleadh anailís a dhéanamh chun nithe athraitheacha eile atá ina dtáscairí láidre míbhuntáiste oideachais i gcomhthéacs leithdháileadh acmhainní faoi Phlean DEIS a scrúdú	Níor baineadh amach	Tá taighde breise ar bun agus táthar ag súil go gcríochnófar an anailís sonraí agus an tsamhail nua aitheantais i Ráithe 3.
	16.2	Múnla leithdháilte acmhainní nua a fhorbairt lena chur i bhfeidhm i ngach scoil chlár Tacaíochta Scoile (SSP), lena n-áireofar córas níos oiriúnaithe de leithdháileadh acmhainní, ina bhfuil níos mó grád míbhuntáiste sainaitheanta agus acmhainní leithdháilte dá réir mar fhreagra ar riachtanais scoileanna aonair	Níor baineadh amach	Nuair a chríochnófar gníomhaíocht 16.1 thuas beidh deis córas leithdháilte acmhainní níos oiriúnaithe a fhorbairt. Beidh an tsamhail leithdháilte nua seo forbartha faoi dheireadh Ráithe 4.
	16.3	Creat monatóireachta agus measúnaithe a fhorbairt chun sonraí a ghiniúint ar leithdháileadh acmhainní, lena chinntiú go bhfuil ionchuir nasctha le haschuir agus torthaí agus chun eolas agus tionscnaimh rathúla a roinnt le tacú le cleachtas níos fearr	Níor baineadh amach	Leanann an obair ar an ngníomhaíocht seo, agus cuideoidh an críochnú ar ghníomhaíocht 16.1 thuas leis seo.
	16.4	Leanúint ag comhoibriú le Tusla agus Grúpaí Ionadaíochta an Lucht Siúil maidir le bearta chun rannpháirtíocht an Lucht Siúil leis an oideachas i gcomhthéacs an “Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil & na Romach”	Baineadh amach	
	16.5	Tráinse 3 den Chiste Sármhaitheasa Scoile do scoileanna DEIS a sheoladh	Baineadh amach	
	16.6	Athbhreithniú agus moltaí ón tuarascáil Out-of School a fhoilsiú	Níor baineadh amach	Tá críoach á chur le plean feidhme mionshonraithe, bunaithe ar mholtaí na Tuarascála, agus tá sé ar an sceideal le críochnú i Ráithe 3.
17		Forfheidhmiú Múnla Cuimsithe Scoile a chur ar aghaidh chun na tacaíochtaí cuí a sheachadadh ag an am ceart do dhaltaí le riachtanais chúraim bhreise		
	17.1	Scoileanna a chur ar an eolas, tríd an NCSE, maidir lena leithdháileadh Cúntóir Riachtanais Speisialta (SNA) roimhe dheireadh na scoilbhliana	Baineadh amach	
18		An múnla Múinteoir Oideachas Speisialta a leabú, a chuireann múnla leithdháilte aontaithe ar fáil do riachtanais teagaisc tacaíocht		

		oideachais speisialta do gach scoil, bunaithe ar phróifíl oideachais na scoile, lena chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil do gach dalta óna dteastaíonn sé		
	18.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla chun Múinteoirí Oideachas Speisialta a leithdháileadh do scoileanna trína chinntiú go bhfuil sonraí ar fáil agus go bhfuil rannpháirtíocht leis an earnáil ionas gur féidir próifíl scoile a nuashonrú chun leithdháiltí nua a dhéanamh do scoilbhliain 2019/20	Baineadh amach	
25		Snáitheanna den “Phlean Náisiúnta um Chothroime Rochtana ar Ardoideachas 2015-2021” a fhorfheidhmiú, agus maoirsiú a dhéanamh ar sheachadadh spriocanna do HEInna ionas go mbíonn HE níos ionadaíche ar an daonra i gcoitinne		
	25.2	Tús a chur le measúnú tionscnamh áirithe arna maoiniú faoi chlár PATH	Baineadh amach	
	25.3	Taighde neamhspleách a choimisiúnú maidir le rannpháirtíocht mic léinn aibí céaduaire agus páirtaimseartha san Ard-oideachas, d’fhonn bunús fianaise a sholáthar do bhearta rochtana chun a rátaí rannpháirtíochta a mhéadú	Baineadh amach	
27		Tús a chur le hathbhreithniú ar an Scéim Tacaíochta Píolótach 2018 dóibh siúd sa Chóras Cosanta	Baineadh amach	

Sprioc 3: Na scileanna agus an tacaíocht riachtanach a thabhairt do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d’ardchaighdeáin a chur ar fáil.

Gníomhaíocht/Foghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí/Foghníomhaíochta do Ráithe 2	Baineadh amach/Níor baineadh amach	Nóta	
31	Clár cuairteanna comhairleacha um Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS) chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a bhainistiú			
	31.1	Nuashonruithe (do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) a fhoilsiú d’fhonn leabú SSE i scoileanna a chur chun cinn agus le tacú le forfheidhmiú straitéisí náisiúnta cosúil le STEM,	Níor baineadh amach	Tá dul chun cinn ar an obair maidir leis an gcéad nuashonrú eile a chríochnú, don fhoilsiú i Ráithe 3, agus treoirchleachtais

		Nuatheangacha lasachta agus Foghlaim Dhigiteach		mhaithe ar an sceideal don fhoilsiú i Ráithe 4.
32		Tabhair faoi chlár pleanáilte cigireachta agus cuairteanna comhairleacha i scoileanna agus i suíomhanna oideachais malartacha		
	32.3	Tuarascáil ilghnéitheach a réiteach maidir le torthaí na dtuarascálacha measúnaithe a foilsíodh in 2018 de réir mar a bhaineann siad leis an Múnla Leithdháileadh Acmhainní do dhaltáí le Riachtanais Speisialta Oideachais i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha	Baineadh amach	
40		An Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí a Fhorfheidhmiú		
	40.1	Fóram Náisiúnta a reáchtáil le dul i dteagmháil le geallsealbhóirí maidir le saincheisteanna an tsoláthair agus an éilimh mhúinteora	Baineadh amach	
45		Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht Scéim an Ghréasáin Gairmiúil Múinteoirí (TPN)		
	45.1	Tús a chur le hathbhreithniú ar an Scéim TPN, tar éis próiseas tairisceana	Baineadh amach	
46		Tacaíocht ghairmiúil thiomanta a chur ar fáil do mhúinteoirí le tacú le forfheidhmiú athrú curaclaim agus beartas Roinne		
	46.1	An Creat comhaontaithe do chlár forbartha gairmiúla STEM agus acmhainní teagaisc agus foghlama i bhforbairt CPD STEM nua a fhorfheidhmiú	Baineadh amach	
47		Déan Athbhreithniú ar an Scéim Aisíocaíochta Táille		
	47.1	Tús a chur le hathbhreithniú ar an Scéim Aisíocaíochta Táille Múinteora, tar éis próiseas tairisceana	Baineadh amach	
49		Tionchar chlár agus scéimeanna breisoideachais agus breisoiliúna a fheabhsú		
	49.1	An tAthbhreithniú ar an gclár Ógtheagmhála a fhoilsiú	Baineadh amach	
50		Cáilíocht an Oideachais Threasaigh a láidriú		
	50.1	Faomhadh Rialtais a fháil i gcomhair foilseachán Scéim Ginearálta na reachtaíochta Athchóirithe HEA	Baineadh amach	
	50.2	An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) a achtú	Baineadh amach	

Sprioc 4: Na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an sochaí agus an geilleagar a threisiú.

Gníomhaíocht/Foghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí/Foghníomhaíochta do Ráithe 2	Baineadh amach/Níor baineadh amach	Nóta	
51				
		Déanfar dul chun cinn ar éagsúlacht na gcineálacha scoileanna ionas go mbeidh rogha níos leithne ar fáil do thuismitheoirí		
	51.1	Cuirfimid na prótacail maidir le Céim chun Feidhme de chuid phróiseas Athchumraithe Scoileanna chun Éagsúlacht a bhaint amach chun críche	Níor baineadh amach	Tá an fhorbairt déanta ar na prótacail agus críochnófar iad i Ráithe 4.
	51.2	Cuirfimid an próiseas i leith Céim Shainaitheanta de chuid céim 1 den phróiseas Athchumraithe don Éagsúlacht i Scoileanna i gcrích agus foilseoidimid torthaí tuairiscí na céime sainaitheanta	Níor baineadh amach	Tá Tréimhse 1 den phíolót críochnaithe agus foilseofar na tuarascálacha i Ráithe 4.
	51.4	Cuirfear an Córas Ar Líne don Phróiseas Pátrúnachta do bhunscoileanna a chur a bhunófar i Meán Fómhair 2019 i gcrích agus cuirfear tús leis an bpróiseas pátrúnachta do scoileanna, táthar ag súil go mbunófar an próiseas seo i Meán Fómhair 2020	Níor baineadh amach	Tá an Próiseas do bhunscoileanna 2019 críochnaithe agus cuirfear tús leis an bPróiseas d'iar-bhunscoileann 2020 i Ráithe 3.
53				
		Cuirfear nós imeachta níos láidre i bhfeidhm chun gearán a dhéanamh agus cairt a chruthú i gcomhair tuismitheoirí agus scoláirí		
	53.1	Foilseofar an Bille (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) Oideachais i gcomhar le hOifig an Aird-Aighne	Níor baineadh amach	Tá sé i gceist go bhfoilseofar an Bille um Chairt Oideachais (Dalta agus Tuismitheoirí) i Ráithe 3.

Sprioc 5: Treoir a thabhairt do sheachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus oiliúint

Gníomhaíocht/Foghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí/Foghníomhaíochta do Ráithe 2	Baineadh amach/Níor baineadh amach	Nóta	
65				
		Creath maoinithe todhchaí a fhorbairt d'earnáil na nOT i gcomhairle leis an IAO.		
	65.1	Cabhrófar le forbairt ollscoile theicniúla trí Líonra Taighde OT a bhunú.	Baineadh amach	

76		Cuirfear na moltaí ón athbhreithniú ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO) de réir an phlean fhorfheidhmithe a foilsíodh		
	76.1	Dearfar próiseas struchtúrtha chun ionchur ó fhostóirí a fháil ar phríomhchinntí caiteachais a bhaineann leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna	Baineadh amach	
	76.2	Bunófar creat measúnaithe don Chiste Náisiúnta Oiliúna, lena n-áirítear scálaí tomhais agus cur chuige chun sonraí a bhailiú agus critéir feidhmíochta a fhoilsiú	Níor baineadh amach	Tá tús curtha leis an bplé ar an gcur chuige is fearr don obair seo.
77		Leanfar ar aghaidh leis an athchóiriú ar an Múnla Maoinithe don ArdOideachas		
	77.2	Cuirfear ciste chun Ceannaireacht agus Cumas a Chruthú in Institiúidí Ard-Oideachas chun feidhme	Baineadh amach	
	77.3	Cuirfear ciste chun Cumas Teagaisc agus Foghlama a Chruthú in Institiúidí Ard-Oideachas chun feidhme	Baineadh amach	
	77.4	Cuirfear ciste nua don taighde agus don nuálaíocht i gcomhair Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna Teicneolaíochta chun feidhme	Baineadh amach	
	77.5	Cuirfear na téarmaí tagartha chun críche agus tosófar ar athbhreithniú ar Scéim na dTáillí in Aisce (an tArd-Oideachas)	Níor baineadh amach	Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar roghanna polasaí do mhaoiniú fhoriomlán an ardoideachais agus déanfar an ghníomhaíocht sin a chur chun cinn i ndiaidh na hoibre sin.
78		Leanfar ar aghaidh ag forbairt múnla maoinithe don Ard-Oideachas don todhchaí		
	78.1	Cuirfear Tionscnamh Caipitil Dhaonna a fógraíodh i Meastacháin 2019 chun feidhme	Baineadh amach	
79		Cuirfear clár oibre a fheabhsóidh caighdeán rialála agus cuntasachta ar fud gníomhaireachtaí coimirce chun cinn trí phróiseas Athbhreithnithe Chriticiúil Thréimhsiúil agus próiseas athbhreithnithe i ngníomhaireachtaí coimirce chun feidhme		
	79.1	Tuairisceofar ar thorthaí na n-athbhreithnithe leanúnacha i ngníomhaireachtaí coimirce agus forbrófar liosta de na ceachtanna a	Níor baineadh amach	Críochnófar na hathbhreithnithe agus na doiciméid ábhartha i Ráithe 4.

		foghlaimíodh do gach gníomhaireacht choimirce		
81		Rachfar i dteagmháil le Bainistíocht agus Foireann BOO chun struchtúr eagrúcháin BOO athbhreithnithe a chruthú	Níor baineadh amach	Tá dul chun cinn déanta san obair ar struchtúr eagraíochtúil athbhreithnithe ar BOO agus tá ceisteanna a d'eascair faoi scóip an chleachtais atá beartaithe tarchurtha chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Cuirfear tús go luath le próiseas comhairliúcháin.
87		Déanfar athbhreithniú ar an gcóras iompair iar-bhunscoile i dtaca le fás i líon na bpaisinéirí ar lacáiste	Baineadh amach	
88		Cuirfear feabhas le caighdeán na seirbhísí ar fud na hearnála ag tabhairt seirbhísí roinnte isteach		
	88.1	Cuirfear tús leis an aistriú de Bhoird Oideachais agus Oiliúna Chéim 1 mar chuid de chur chun feidhme céimnithe Seirbhís Párolla Roinnte do BOO	Baineadh amach	
	88.2	Forbrófar Ionad Seirbhísí Gnó Roinnte don Oideachas go mbeifear réidh nuair a chuirfear Seirbhís Phárolla Roinnte chun feidhme do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	Baineadh amach	
	88.3	Cuirfear Seirbhís Phárolla Roinnte chun feidhme do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	Baineadh amach	
91		Cuirfear níos mó treoir straitéiseach ar fáil maidir le rialáil, bainistíocht agus úsáid sonraí na Roinne		
	91.1	Cruthófar Creataí don Rialáil agus Bhainistíocht Sonraí Corparáideach ina leagfar amach ról agus freagrachtaí sonracha maidir le sonraí a úsáid	Baineadh amach	
92		Feabhsófar léirmhíniú agus anailís sonraí na Roinne agus an mbunachar fianaise ar son cúiseanna pleanála		
	92.3	Forbrófar Réamh-Mheastacháin Réigiúnacha ar chlárú Bunscoile agus Iar-bhunscoile	Baineadh amach	